



Eleathanach 394



Dé Luain, an 8 Samhain 2021

Oíche Shamhna

Oíche Shamhna a bhí ann ag deireadh na míosa seo caite. Tá cáil ar Oíche Shamhna mar gheall ar bhob nó bia, ach tá stair shuimiúil ag an bhféile.

San ochtú haois déag, bhí an ceiliúradh ann chun eagla a chur ar spioraid. In Éirinn shnoigh daoine tornapaí chun eagla a chur ar spioraid.

Bíonn dubh agus oráiste ceangailte le hOíche Shamhna agus an t-athrú ón bhfómhar go dtí an geimhreadh. Baineann an t-oráiste le teas an fhómhair agus baineann an dubh le fuacht, dorchadas agus fad an gheimhridh.



An gcuireann sé eagla ort?



Bláth agus boladh uafásach air!

Tá a lán bláthanna ag fás i nGarraithe na Lus in San Diego, ach le déanaí tá boladh uafásach san aer.

Tá bláth ar an bplanda *Corpse Flower* agus tá an boladh go hainnis.

Ní mhaireann an bláth ach ar feadh 48 uair an chloig. Glacann sé timpeall 10 mbliana don chéad bhláth teacht ar an bplanda. Mar sin, tá na mílte tar éis cuairt a thabhairt ar na garraithe chun an bláth a fheiceáil.

Cé go bhfuil cuma dheas ar an mbláth, beidh na hoibrithe sna garraithe sásta nuair a imíonn an boladh!

Níos mó ná sport ag an gcluiche seo!

Creid é nó ná creid, thit cat de sheastán go seastán eile ag cluiche peile Meiriceánach in Miami. Shábháil daoine sa lucht féachana an cat. Thit an cat den seastán uachtarach san 'Hard Rock Stadium'.

Thaispeáin fíis an cat dubh bán ag déanamh iarracht breith ar an seastán uachtarach, ach thit sé i rith an chluiche peile.

Thit sé timpeall 9 méadar, ach shábháil daoine sa lucht féachana é le brat Meiriceánach.

Bhí áthas ar na daoine a bhí ag féachaint ar an eachtra nuair a tháinig an cat slán.

